Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 10 Eanáir 2023
(OR. en)

15995/22

LIMITE

CORLX 1168
CFSP/PESC 1712
CONOP 136
CONUN 332
COARM 279

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/97 ón gComhairle an 21 Eanáir 2019 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/97**
**mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine**
**faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Eanáir 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/97[1], lena bhforáiltear do thréimhse 36 mhí chun tionscadal a chur chun feidhme, tréimhse a thosnaíonn ar dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh sin.

(2) Bhí an tréimhse cur chun feidhme le dul in éag an 4 Feabhra 2022.

(3) An 8 Iúil 2021, d'iarr Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-Armála (UNODA), atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/97, síneadh 12 mhí gan chostas ar an tréimhse cur chun feidhme. An 19 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2033[2] lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse cur chun feidhme go dtí an 4 Feabhra 2023.

(4) Le litir an 29 Deireadh Fómhair 2022, d'iarr UNODA síneadh 12 mhí gan chostas eile ar an tréimhse cur chun feidhme mar gheall ar na dúshláin cur chun feidhme a bhaineann le paindéim COVID-19.

(5) Maidir le síneadh a chur le tréimhse cur chun feidhme na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/97 go dtí an 4 Feabhra 2024, níl aon impleachtaí aige sin maidir le hacmhainní airgeadais.

[1] Cinneadh (CBES) 2019/97 ón gComhairle an 21 Eanáir 2019 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 19, 22.1.2019, lch. 11).

[2] Cinneadh (CBES) 2021/2033 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/97 mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, faoi chuimsiú Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 415, 22.11.2021, lch. 29).



PUBLIC

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/97 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2019/97:

'2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 4 Feabhra 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC